



PREASEISIÚINT Uimh. 102/24

Lucsamburg, 18 Meitheamh 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-753/22 | Bundesrepublik Deutschland (Éifeacht cinnidh lena ndeonaítear stádas dídeanaí)

Stádas dídeanaí: níl sé d'oibleagáid ar Bhallstát aitheantas a thabhairt go huathoibríoch do stádas dídeanaí a dheonaítear i mBallstát eile

I gcás nach féidir le Ballstát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta iarratasóra a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha, ar dheonaigh Ballstát eile cosaint den sórt sin dó cheana, mar gheall ar bhaol tromchúiseach go gcuirfí ide mhídhaonna nó tháireach ar an iarratasóir sin sa Bhallstát eile sin, ní mór dó scrúdú aonair nua a dhéanamh. Mar sin féin, ní mór dó cinneadh an Bhallstáit eile agus na heilimintí a thacaíonn leis an gcinneadh sin a chur san áireamh go hiomlán.

Rinne náisiúnach Siriach ar bronnadh stádas dídeanaí air sa Ghréig iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Ghearmáin ina dhiaidh sin. Rialaigh cúirt Ghearmánach, mar gheall ar dhálaí maireachtála na ndídeanaíthe sa Ghréig, go mbeadh baol tromchúiseach ann go dtabharfaí ide mhídhaonna nó tháireach di sa Ghréig, ionas nach bhféadfadh sí filleadh ar an nGréig. Dhiúltaigh údarás inniúil na Gearmáine dá iarratas ar stádas dídeanaí, ach dheonaigh sé cosaint choimhdeach dó. Thug sí caingean ansin i gcoinne an diúltaithe stádas dídeanaí a dheonú os comhair chúirteanna na Gearmáine.

Fiafraíonn Cúirt Chónaidhme Riaracháin na Gearmáine ar an gCúirt Bhreithiúnais an gceanglaítear ar an údarás inniúil, i gcás den sórt sin, aitheantas a thabhairt don stádas dídeanaí a dheonaíodh don iarratasóir ar an bhforas amháin go bhfuil an stádas sin aitheanta cheana féin ag an mBallstát eile nó más féidir leis scrúdú neamhspleách nua a dhéanamh ar an iarratais sin ar bhonn tuillteanais.

Ina breithiúnas, cinneann an Chúirt, ag an gcéim seo de dhlí an Aontais, nach gceanglaítear ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt go huathoibríoch do chinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí arna nglacadh ag Ballstát eile. Féadfaidh na Ballstáit é sin a dhéanamh, áfach. Níor fheidhmigh an Ghearmáin an chumhacht sin.

Sna himthosca sin, i gcás nach féidir leis an údarás inniúil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta iarratasóra ar dheonaigh Ballstát eile cosaint den sórt sin dó cheana a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha, mar gheall ar bhaol tromchúiseach atá ann go gcuirfí ide mhídhaonna nó tháireach ar an iarratasóir sin sa Bhallstát eile sin, , ní mór dó scrúdú aonair nua, iomlán agus cothrom le dáta a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí a dheonú.

I gcomhthéacs an scrúdaithe sin, ní mór don údarás sin, mar sin féin, cinneadh an Bhallstáit eile cosaint idirnáisiúnta a dheonú don iarratasóir sin agus na heilimintí a thacaíonn leis an gcinneadh sin a chur san áireamh go hiomlán. Chuige sin, ní mór dó tús a chur le malartú faisnéise leis an údarás a ghlac é a luaithe is féidir.

Má cháilíonn an t-iarratasóir mar dhídeanaí, ní mór don údarás an stádas sin a dheonú gan rogha.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs

díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [Europe by Satellite](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Bígí nasctha!

